AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.11.2022
COM(2022) 577 final

2022/0362 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte a thabhairt i gcrích

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Síníodh an comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte ('Comhaontú 2015')[1] an 20 Bealtaine 2014 agus tháinig sé i bhfeidhm ar an dáta sin ar feadh tréimhse 6 bliana. Rinneadh Comhaontú 2015 a athnuachan go hintuigthe an 20 Bealtaine 2020.

Ar bhonn na dtreoracha caibidlíochta ábhartha[2], rinne an Coimisiún caibidlíocht le Rialtas na Séiséal d'fhonn comhaontú a thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal. Tar éis na caibidlíochta sin, cuireadh inisealacha le comhaontú nua (an 'Comhaontú') an 10 Meitheamh 2022.

Leis an gComhaontú nua, cumhdaítear tréimhse 6 bliana ó dháta an iarratais shealadaigh atá leagtha síos in Airteagal 18 de, is é sin an dáta a shíníonn an dá pháirtí é.

Is é is cuspóir don togra seo tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a údarú, i gcomhréir le hAirteagal 218(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

• Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Tá sé mar phríomhaidhm an Chomhaontaithe nua neartú breise na comhpháirtíochta straitéisí leis na Séiséil a chumasú agus coinníollacha teicniúla agus airgeadais an Chomhaontaithe a ailíniú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe (SFPA) leis na Séiséil agus le Prótacal Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe a síníodh in 2020[3]. Rannchuidíonn an Comhaontú freisin le hiascaireacht fhreagrach in uiscí an Aontais agus le beartas iascaigh a fhorbairt in Mayotte.

Leis an gComhaontú, tugtar deiseanna iascaireachta do shoithí na Séiséal in uiscí an Aontais in Mayotte. Tá na deiseanna iascaireachta sin bunaithe ar an gcomhairle eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil agus urramaítear leo na moltaí ón eagraíocht réigiúnach iascaigh a bhainistíonn stoic éisc mhórimirceacha, an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), i gcás inarb infheidhme laistigh de theorainneacha an bharrachais atá ar fáil.

Déantar foráil leis an gComhaontú maidir le deiseanna iascaireachta do 8 soitheach peas-saighne ó na Séiséil

• Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Is cuid de ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais maidir le tíortha na hAfraice, Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin (tíortha ACC) é caibidliú comhaontaithe nua.

---

1 Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta a bhfuil brat na Séiséal ar foluain acu ar uiscí agus ar acmhainní bithéagsúlachta Mayotte, faoi dhlínse an Aontais Eorpaigh, IO L 167, 6.6.2014, lch. 4.

2 Cinneadh lena n-údaraítear tús a chur leis an gcaibidlíocht idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal chun comhaontú a bhaineann le rochtain do shoithí iascaireachta a bhfuil brat na Séiséal ar foluain acu ar uiscí agus ar acmhainní bithéagsúlachta Mayotte (agus treoracha caibidlíochta gaolmhara), arna ghlacadh ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí, an 24 Deireadh Fómhair 2019, ST-13311-2019-INIT.

3 Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal, ST/5246/2020/INIT, IO L 60, 28.2.2020, lgh. 5–44.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh, agus Airteagal 218(6) CFAE, lena bhforáiltear nach mór don Chomhairle, ar thograon idirbheartaí, cinneadh a ghlacadh lena dtugtar i gcrích an Comhaontú.

De réir Airteagal 17(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, amach ón gcomhbheartas eachtrach agus slándála, áiritheoidh an Coimisiún ionadaíocht sheachtrach an Aontais. Dá réir sin, na hoifigigh a ainmníonn an Coimisiún, is acu sin amháin a bheidh an inniúlacht fógra a thabhairt do na Séiséil gur tugadh an próiseas daingniúcháin i gcrích.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi chuimsiú inniúlacht eisiach an Aontais Eorpaigh.

- **Comhréireacht**

Tá an togra comhréireach leis an gcuspóir creat rialachais dlíthiúil, comhshaoil, eacnamaíoch agus sóisialta a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí na Séiséal in uiscí an Aontais, mar a leagtar amach in Airteagal 32 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha.

3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

In 2019 rinne an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an bPrótacal a ghabhann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an tAontas agus Poblacht na Séiséal, agus rinne sé meastóireacht *ex ante* ar SFPA agus Prótacal a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo[4], lena dtugtar athbhreithniú ar an gComhaontú freisin.

Leis an gComhaontú, éascaítear cómhalartacht idir an dá pháirtí i dtéarmaí rochtana ar uiscí do shoithí iascaireachta den chineál céanna agus atá ag díriú ar na speicis chéanna. Rinneadh athnuachan air ós rud é go ndearnadh athnuachan ar Phrótacal SFPA idir an tAontas agus na Séiséil, lena gcoinnítear an t-ailíniú céanna idir an dá théacs a mhéid a bhaineann le coinníollacha teicniúla agus airgeadais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Mar chuid den staidéar meastóireachta, chuathas i gcomhairle leis na Ballstáit, le hionadaithe tionscail agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta na sochaí sibhialta, chomh maith le riarachán iascaigh agus sochaí shibhialta na Séiséal. Mar thoradh ar na comhairliúcháin sin, thángthas ar an gconclúid go rachadh sé chun tairbhe an Aontais Eorpaigh agus Phoblacht na Séiséal comhaontú nua a thabhairt i gcrích.

[4] ISBN: 978-92-76-01966-4 doi: 10.2771/47637.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

D’úsáid an Coimisiún comhairleoir neamhspleách le haghaidh an athbhreithnithe ar an gComhaontú mar chuid de na meastóireachtaí *ex post* agus *ex ante* den chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh idir an tAontas agus na Séiséil, i gcomhréir le hAirteagal 31(10) den Rialachán lena mbunaítear an comhbheartas iascaigh.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Toisc go mbaineann sé sin le rochtain soithí iascaireachta a bhfuil brat na Séiséal ar foluain acu ar uiscí a thagann faoi dhlínse an Aontais, níl aon impleachtaí airgeadais ar bhuiséad an Aontais ó thaobh caiteachais nó ioncaim de.

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déantar foráil maidir leis na socruithe faireacháin sa Chomhaontú.

2022/0362 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte a thabhairt i gcrích

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), i gcomhar le hAirteagal 218(6)(a)(v) agus (7), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[5],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Cinneadh [XXX] ón gComhairle an [...][6], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte (dá ngairtear 'an Comhaontú' anseo feasta) an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos faide anonn.

(2) Is é is cuspóir don Chomhaontú neartú breise na comhpháirtíochta straitéisí leis na Séiséil a chumasú agus coinníollacha teicniúla agus airgeadais an Chomhaontaithe maidir le Rochtain Iascaigh a ailíniú leis an gComhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe leis na Séiséil agus le Prótacal Cur Chun Feidhme an Chomhaontaithe a síníodh in 2020[7], agus chun rannchuidiú le hiascaireacht fhreagrach in uiscí an Aontais agus le beartas iascaigh a fhorbairt in Mayotte.

(3) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(4) Le hAirteagal 8 den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste a bheidh freagrach as faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Chomhaontaithe. De bhun an Chomhaontaithe, féadfaidh an Comhchoiste leasuithe áirithe air a fhormheas. Ba cheart don Chomhairle seasamh an Aontais a bhunú maidir le leasuithe atá beartaithe ar an gComhaontú. Ba cheart don Choimisiún na leasuithe atá beartaithe a fhormheas thar ceann an Aontais ach amháin i gcás ina ndéanann roinnt Ballstát, arb ionann a líon agus mionlach blocála, i gcomhréir le hAirteagal 16(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, agóid ina n-aghaidh.

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725[8] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim faoi an [cuir isteach dáta].

---

5 IO C , , lch. .

6 Cinneadh (AE) 2021/… ón gComhairle an … 2021 maidir le … (IO C [...], [...], lch. [...]).

7 Comhaontú Comhpháirtíochta maidir le hIascaigh Inbhuanaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal, ST/5246/2020/INIT, IO L 60, 28.2.2020, lgh. 5–44.

8 Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheastar leis seo, thar ceann an Aontais, an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Séiséal i ndáil le rochtain do shoithí iascaireachta na Séiséal ar uiscí Mayotte.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo mar Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Tabharfaidh an Coimisiún, thar ceann an Aontais, an fógra dá bhforáiltear in Airteagal 20 den Chomhaontú d'fhonn toiliú an Aontais a bheith faoi cheangal ag an gComhaontú a chur in iúl.

Airteagal 3

I gcomhréir leis na forálacha agus na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo, údaraítear an Coimisiún leis seo, thar ceann an Aontais, leasuithe ar an gComhaontú a ghlacfaidh an Comhchoiste arna bhunú faoi Airteagal 8 den Chomhaontú a fhormheas.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).